Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2023
(OR. en)

9265/1/23
REV 1
PV CONS 21
EDUC 160
JEUN 85
CULT 63
AUDIO 47
SPORT 18

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

15 agus 16 Bealtaine 2023

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre .......... 4

2. Formheas na míreanna 'A' .......... 4
Liosta neamhreachtach

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

AN ÓIGE

3. Conclúidí maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe don óige .......... 4

4. Rún maidir le torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh .......... 4

5. Rún maidir le hathbhreithniú ar phlean oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024 .......... 5

6. Cuimsiú daoine óga i sochaithe an Aontais a áirithiú: Ag díriú ar dhaoine óga na hÚcráine a chuimsiú .......... 5

SPÓRT

7. Rún lena ndéantar athbhreithniú ar ionadaíocht agus ar chomhordú Bhallstáit an Aontais le haghaidh WADA .......... 5

8. Urraim do chearta an duine a áirithiú agus mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt á n-eagrú .......... 5

**Aon ghnó eile**

An Óige

9. a) Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais .......... 6
   b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta .......... 6

   Spórt

   c) Cuireann an Fhrainc i dtaisce a hionstraim dhearbhúcháin náisiúnta den Choinbhinsiún maidir leis an gcúbláil i gcomórtais spóirt a chomhrac (Coinbhinsiún Macolin) .......... 6
   d) An ghné Eorpach de Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha Pháras 2024 .......... 6
   e) Cearta lúthchleasaithe na hÚcráine a chosaint in imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a reáchtáiltear san Aontas Eorpach .......... 6
   f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta .......... 6

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

CULTÚR/CLOSAMHARC

10. Conclúidí maidir le healaíontóirí atá i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe .................................. 7

**Plé reachtach**

11. Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ............................................ 7

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

OIDEACHAS

12. Rún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: Ag féachaint ar 2025 agus níos faide anonn ........................................................................................................ 7

13. Conclúidí maidir le céimeanna breise chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a fhíorú san oideachas agus san oiliúint ........................................................................ 7

14. An léitheoireacht agus an tábhacht a bhaineann léi don fhoghlaim, don chothromas agus don rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí ........................................................... 8

**Aon ghnó eile**

Cultúr/Closamharc

15. a) Tacaíocht d'Earnálacha Cultúir agus Cruthaitheachta na hÚcráine .................................. 8
b) Staid earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta san Úcráin ....................................... 8
c) Ainmniú Évora mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2027 ....................................... 8
d) Comhdhálacha a bhaineann leis an gcultúr agus leis na meáin le linn Uachtaránacht na Laitvia ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa....................................... 9
e) I dtreo cosaint níos fearr ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa ............................................ 9
f) Staid theanga agus chultúr na Bealarúise.......................................................................... 9
g) Leabharlanna poiblí agus dídeanaithe ón Úcráin ............................................................... 9
h) Saincheisteanna cóipchirt le déanaí ................................................................................... 9
i) Iarrthóireacht na Róimhe chun Taispeántas Domhanda 2030 a óstáil ............................... 9
j) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta........................................................................... 9

Oideachas

k) Lá na nÚdar Eorpach ......................................................................................................... 10
l) An Bhunscoil mar Scoil 'Lá Iomlán': Córas oideachais atá cothrom, cóir, éifeachtúil agus inbhuanaithe........................................................................................ 10
m) An Fhaireachlann um Stair a Mhúineadh san Eoraip......................................................... 10
n) Buanchomhdháil na nAirí Oideachais maidir le ‘Cumhacht Chlaochlaitheach an Oideachais: Luachanna Uilíocha agus Athnuachan Cathartha’ ..................................... 10
o) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta........................................................................... 10


***

## CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 15 BEALTAINE 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8931/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 9010/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn i ndáil le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 10.5.2023 | C | 8623/23 + **ADD 1**<br>7773/23<br>7771/23 + COR 1<br>**+ COR 2 (el)**<br>**+ REV 1 (nl)**<br>RECH |
| 6. | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais<br>*Comhaontú i bprionsabal*<br>*Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 10.5.2023 | C | 8623/23 + **ADD 1**<br>7774/23<br>7771/23 + COR 1<br>**+ COR 2 (el)**<br>**+ REV 1 (nl)**<br>RECH |

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

AN ÓIGE

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Conclúidí maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe don óige<br>*Formheas* | 8590/23<br>**+ REV 1 (de, fi, hr, lv, sl, sv)**<br>+ ADD 1 |
| 4. | Rún maidir le torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh<br>*Formheas* | 8588/23<br>**+ REV 1 (de, fi, nl, sl, sv)** |

5. Rún maidir le hathbhreithniú ar phlean oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024 — 7316/23 **+ REV 1 (fr, de, it, nl, da, el, es, pt, fi, sv, cs, lv, lt, mt, sk, sl, bg, ro, hr, ga)**
*Formheas*

**6. Cuimsiú daoine óga i sochaithe an Aontais a áirithiú: Ag díriú ar chuimsiú dhaoine óga na hÚcráine**[1] — 8675/23 **+ REV 1-2 (sv)**
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite atá bunaithe ar phlépháipéar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Chuir Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach tús leis an díospóireacht inar iarr sé go ndéanfaí daoine óga na hÚcráine a easáitíodh go sealadach a lánpháirtiú san Aontas Eorpach. Chuir na toscaireachtaí a mbearta náisiúnta i láthair chun daoine óga a lánpháirtiú níos fearr sa tsochaí agus chuir siad a ngníomhaíochtaí i láthair chun lánpháirtiú dhaoine óga na hÚcráine a áirithiú chomh maith, go háirithe san oideachas, i ngníomhaíochtaí spóirt, agus sa rochtain ar mhargadh an tsaothair.

SPÓRT

7. Rún lena ndéantar athbhreithniú ar ionadaíocht agus ar chomhordú Bhallstáit an Aontais le haghaidh WADA — 8630/23 **+ REV 1 (hr, sv)**
*Formheas*

**8. Urraim do chearta an duine a áirithiú agus mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt á n-eagrú**[2] — 8676/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite atá bunaithe ar phlépháipéar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Ghlac Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach agus Ceann an Rannáin Spóirt ag Comhairle na hEorpa páirt sa díospóireacht seo. D'ardaigh na toscaireachtaí an tábhacht a bhaineann leis an dea-rialachas sa spórt agus i luachanna an spóirt agus neamhspleáchas na gluaiseachta spóirt á mheabhrú acu. Thagair na toscaireachtaí chomh maith do staid lúthchleasaithe na hÚcráine, agus thug an chuid is mó díobh le fios go seasann siad go dlúth leis an Úcráin agus gheall siad go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí bac ón spórt idirnáisiúnta a chur ar thíortha a sháraíonn cearta an duine.

[1] Le rannpháirtíocht Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach.
[2] Le rannpháirtíocht Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach agus le cur i láthair ó ionadaí ó Chomhairle na hEorpa.

**Aon ghnó eile**

An Óige

**9. a) Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais[3]**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne*

Spórt

**c) Cuireann an Fhrainc i dtaisce a hionstraim dhearbhúcháin náisiúnta den Choinbhinsiún maidir leis an gcúbláil i gcomórtais spóirt a chomhrac (Coinbhinsiún Macolin)** 8839/1/23 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Fraince ar fáil.

**d) An ghné Eorpach de Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha Pháras 2024** 8840/1/23 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Fraince ar fáil.

**e) Cearta lúthchleasaithe na hÚcráine a chosaint in imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a reáchtáiltear san Aontas Eorpach** 8970/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Liotuáine ar fáil.

f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne*

---

3 Toscaire Sualannach de chuid an aosa óig agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg i láthair.

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 16 BEALTAINE 2023**

CULTÚR/CLOSAMHARC

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 10. | Conclúidí maidir le healaíontóirí atá i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe<br>*Formheas* | 8548/23<br>**+ REV 1 (da, fi, nl, sv)**<br>+ ADD 1 |

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **11.** | **Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán**<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn*<br>*Díospóireacht bheartais* | ❶C | 8679/1/23 REV 1<br>**+ REV 1 COR 1 (es)**<br>**+ REV 2 (sv)**<br>8680/1/23 REV 1 |

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ar dhul chun cinn a thug an Uachtaránacht agus bhí díospóireacht bheartais aici maidir leis an Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA). Sa tuarascáil ar dhul chun cinn EMFA, leag an tUachtarán béim ar staid na himeartha maidir leis na príomh-shaincheisteanna. Le linn na díospóireachta beartais, leag na Ballstáit béim ar a dtiomantas láidir do shaoirse na meán, d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta mar bhunchlocha an daonlathais agus an smachta reachta, agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad go láidir le togra agus le cuspóirí EMFA. Is iad na príomhréimsí ina bhfuil éagsúlachtaí fós an raon feidhme, an gá bunúsach le hiriseoirí agus a gcuid foinsí a chosaint agus, ag an am céanna, freagracht iomlán na mBallstát a urramú maidir leis an tslándáil náisiúnta i gcomhréir leis na conarthaí, agus na saincheisteanna coimhdeachta/inniúlachta maidir le soláthraithe meán seirbhíse poiblí.

OIDEACHAS

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 12. | Rún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: Ag féachaint ar 2025 agus níos faide anonn<br>*Formheas* | 7900/23<br>**+ REV 1 (da, fi, nl, sv)** |
| 13. | Conclúidí maidir le céimeanna breise chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a fhíorú san oideachas agus san oiliúint<br>*Formheas* | 7899/23<br>**+ REV 1 (da, hr, hu, lv, sl, sv)** |

**14. An léitheoireacht agus an tábhacht a bhaineann léi don fhoghlaim, don chothromas agus don rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí[4]** ◻ 8403/23 **+ REV 1 (hr, sl, sv)**
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite atá bunaithe ar phlépháipéar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chumainn Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais tús leis an díospóireacht trí Thuarascáil Idirnáisiúnta PIRLS 2021 agus na torthaí lena mbaineann, a eisíodh an lá sin, a chur i láthair. Bhí seisiún tuairimíochta ag na toscaireachtaí maidir leis na dúshláin is mó a mheas siad a bhain le borradh a chur faoi na leibhéil léitheoireachta i measc foghlaimeoirí agus leis na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, chun borradh a chur faoi na leibhéil léitheoireachta i measc foghlaimeoirí, idir óg agus aosta.

**Aon ghnó eile**

Cultúr/Closamharc

**15. a) Tacaíocht d'Earnálacha Cultúir agus Cruthaitheacha na hÚcráine[5]** ◻ 8842/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**b) Staid earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta san Úcráin** ◻ 8843/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Polainne ar fáil.

**c) Ainmniú Évora mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2027** ◻ 8708/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Portaingéile ar fáil.

---

4 Agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chumainn Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais i láthair.

5 Bhí teachtaireacht fhístaifeadta ó Aire Cultúir na hÚcráine ag gabháil leis an bhfo-mhír sin.

d) **Comhdhálacha a bhaineann leis an gcultúr agus leis na meáin le linn Uachtaránacht na Laitvia ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa** 8794/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Laitvia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Laitvia ar fáil.

e) **I dtreo cosaint níos fearr ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa** 8828/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Rómáine ar fáil.

f) **Staid theanga agus chultúr na Bealarúise** 8844/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Polainne ar fáil.

g) **Leabharlanna poiblí agus dídeanaithe ón Úcráin** 8935/1/23 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil.

h) **Saincheisteanna cóipchirt le déanaí** 9079/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Beilge, na Danmhairge, na Fraince agus na hÍsiltíre*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Beilge, na Danmhairge, na Fraince agus na hÍsiltíre ar fáil.

i) **Iarrthóireacht na Róimhe chun Taispeántas Domhanda 2030 a óstáil** 9122/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hIodáile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hIodáile ar fáil.

j) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne*

Oideachas

**k) Lá na nÚdar Eorpach** [2] 8995/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

l) **An Bhunscoil mar Scoil 'Lá Iomlán': Córas oideachais atá cothrom, cóir, éifeachtúil agus inbhuanaithe** [2] 8849/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cróite*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cróite ar fáil.

**m) An Fhaireachlann um Stair a Mhúineadh san Eoraip** [2] 8990/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Cipire, na Fraince, na Gréige, na hÉireann, Lucsamburg, Mhálta, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Cipire, na Fraince, na Gréige, na hÉireann, Lucsamburg, Mhálta, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Spáinne ar fáil.

**n) Buanchomhdháil na nAirí Oideachais maidir le 'Cumhacht Chlaochlaitheach an Oideachais: Luachanna Uilíocha agus Athnuachan Cathartha'** [2] 8985/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Laitvia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Laitvia ar fáil.

o) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne*

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún